# Plean Straitéiseach Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, 2024-2028

Aighneacht Gaeloideachas, Aibreán 2024

## What are we doing that you would like us to keep doing?

Molaimid an tacaíocht riachtanach agus cuimsitheach a thugann sibh do thuismitheoirí agus an stocaireacht a dhéanann sibh ar a son.

## What are we doing that we should stop doing?

Ní féidir glacadh leis go bhfuil eolas agus acmhainní Béarla oiriúnach le scaipeadh ar thuismitheoirí a bhfuil a bpáistí ag freastal ar suíomhanna oideachais lán-Ghaeilge nó Gaeltachta.

## What are we not doing that you think we should be doing?

Bígí ionchuimsitheach. Cuir acmhainní an NPC in oiriúint do thuismitheoirí a bhfuil a gcuid páistí atá ag fáil oideachais trí mheán na Gaeilge, agus cuir ar fáil go dátheangach iad.

Cuir oiliúint trí mheán na Gaeilge ar fáil mar rogha do choistí na dtuismitheoirí.

Déan oiliúint atá á chur ar fáil do thuismitheoirí a oiriúnú dóibh siúd a bhfuil a bpáistí ag fáil oideachas trí mheán na Gaeilge agus déan tairiscint ghníomhach air do phobail na naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge.

Tabhair feidhm arís don fhochoiste a bhíodh ag an NPC ag plé leis an ngaeloideachas.

Cuir buneolas maidir le hoideachas lán-Ghaeilge san áireamh san eolas a chuireann sibh ar fáil do thuismitheoirí maidir leis an gcóras oideachais, go háirithe mar a bhaineann le réamhscoil nó scoil a roghnú don pháiste agus maidir le hoideachas speisialta.

Tabhair cuireadh do thuismitheoirí tabhairt faoi chomhairliúcháin trí Ghaeilge más mian leo é. Bíodh spreagcheisteanna ar leith ann dóibh siúd a bhfuil a bpáistí ag fáil oideachas trí mheán na Gaeilge (sa leagan Béarla chomh maith leis an leagan Gaeilge), ag aithint gur suíomhanna uathúla iad na naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge. Déan amhlaidh i gcás comhairliúchán le páistí, ag cinntiú go bhfuil an réim theanga a úsáidtear feiliúnach don aoisghrúpa agus don chomhthéacs teanga.

Ceap Ambasadóirí le Gaeilge agus le taithí ar an gcóras oideachais lán-Ghaeilge ag an trí leibhéal, agus cuir tacaíocht chuí ar fáil dóibh.

Déan scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a mhealladh isteach sa scéim do scoileanna comhpháirteacha.

Fostaigh ba(i)ll foirne le cumas sa Ghaeilge agus tuiscint acu ar an gcóras oideachas lán-Ghaeilge, chun plé le tuismitheoirí ar mian leo an cineál oideachais sin dá bpáistí.

Cinntigh go bhfuil saineolaithe ar an oideachas lán-Ghaeilge i measc na seirbhísí tacaíochta a luann sibh do thuismitheoirí agus a bpáistí.

## What would you like NPC to consider when developing the Strategic Plan 2024-2028?

Tá sé den riachtanas go dtabharfadh an NPC aitheantas don sciar suntasach den earnáil luath-óige agus oideachais atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge agus a bhfuil riachtanais ar leith ag a bpobal dá réir.

Léiríonn figiúirí ón Roinn Oideachais go bhfuil 8% de dhaltaí bunscoile na tíre ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge, agus go bhfuil 8% de bunscoileanna na tíre ag feidhmiú trí Ghaeilge. Ag an iar-bhunleibhéal, is 4% de dhaltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna lán-Ghaeilge agus tá 10% d’iar-bhunscoileanna ag cur oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil.